C/2024/4039

25.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11557 — INGKA INVESTMENTS / IKANO BANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4039)

1. An 14 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ingka Investments B.V. ('Ingka Investments', an Ísiltír), faoi rialú deiridh Stichting Ingka Foundation (an Ísiltír),

— Ikano Bank AB (publ) ('Ikano Bank', an tSualainn), faoi rialú Ikano S.A. (Lucsamburg).

Gheobhaidh Ingka Investments rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ikano Bank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Ingka Investments faoi úinéireacht Ingka Group. Is féidir oibríochtaí gnó Ingka Group a roinnt ina dtrí phríomhrannán, (i) IKEA Retail, (ii) Ingka Centres, agus (iii) Ingka Investments. Laistigh den rannán gnó Ingka Investments, déanann Ingka Group infheistíochtaí éagsúla i dtionscail éagsúla. Áirítear ar na hinfheistíochtaí sin infheistíochtaí a bhaineann le forbairt agus digiteáil gnó, réitigh fuinnimh gaoithe agus gréine, cuideachtaí a dhéanann acmhainní a athchúrsáil (ciorclach), talamh foraoise, réadmhaoin agus infheistíochtaí sna margaí airgeadais (amhail bannaí agus scaireanna liostaithe),

— Soláthraíonn Ikano Bank réitigh mhaoiniúcháin do thomhaltóirí agus do chuideachtaí, go díreach agus go hindíreach trí chomhpháirtithe, trína thrí líne ghnó: (i) Tomhaltóirí/D2C, (ii) Miondíol, agus (iii) Corparáideach/B2B. Cuireann Ikano Bank táirgí agus seirbhísí ar fáil san Ostair, sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, san Iorua, sa Pholainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11557 — INGKA INVESTMENTS / IKANO BANK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË